Coiste BAI um Chomhlíonadh

An tOllamh Kevin Rafter (Cathaoirleach)

Tá an tOllamh Kevin Rafter ina Ollamh faoi láthair ar Chumarsáid Pholaitiúil ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i ndiaidh di roinnt poist shinsearacha a bheith aici in earnáil mheán na hÉireann. Tá taithí feidhmiúcháin agus neamhfheidhmiúcháin aige in eagraíochtaí fairsinge, mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ag Bus Átha Cliath agus Oxfam Ireland ina measc.

An tUas. Nigel Heneghan

Ón mbliain 1998 i leith, tá an tUas. Heneghan ina stiúrthóir bainistíochta ar Heneghan PR, cuideachta neamhspleách caidrimh phoiblí faoi úinéireacht Éireannach. Fónann sé ar Bhord Chumann na Sainchomhairleoirí Caidrimh Phoiblí in Éirinn agus bhí sé ina Chathaoirleach ar an gCumann ar feadh dhá bhliain. D'fhóin sé freisin ar Bhord Eagraíocht Idirnáisiúnta na Sainchomhairleoireachtaí Cumarsáide, eagraíocht dhomhanda a dhéanann ionadaíocht do shainchomhairleoirí caidrimh phoiblí. Roimhe sin, bhí sé ina uachtarán ar Institiúid na hÉireann um Chaidreamh Poiblí sna blianta 1999 agus 2000.

An tUasal Eileen Maher

Chaith Eileen an tréimhse le 30 bliain anuas sa tionscal teileachumarsáide agus bhain sí taithí thráchtála agus theicniúil amach ann. Tá taithí thréan straitéiseach, thráchtála, thrasfhoirmithe, rialála agus dhlí aici. Bhí sí mar Stiúrthóir Straitéise agus Gnóthaí Seachtracha in Vodafone. Tá cuntas teiste aici maidir le tabhairt faoi phríomhthionscnaimh straitéiseacha agus tá stair aici maidir le hidirbheartú a dhéanamh ar chomhfhiontair thráchtála, comhpháirtíochtaí agus éadálacha.

Orlaith Carmody

Is cóitseálaí agus sainchomhairleoir le taithí domhanda í Orlaith Carmody. Oibríonn sí le feidhmeannaigh shinsearacha agus eagraíochtaí chun fóras pearsanta agus gnó a chur chun cinn, chun scileanna a fhorbairt le hiompraíocht ardfheidhmíochta i measc foirne a spreagadh agus chun cultúr cóitseála, foghlama agus feidhmíochta a chur i bhfeidhm go daingean tríd an eagraíocht. Tá taithí aici a bheith ina Stiúrthóir, Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin agus Cathaoirleach san earnáil fhiontair bheaga agus mheánmhéide, earnáil dheonach agus earnáil stáit, ag obair le craolachán, na meáin, earcaíocht, foghlaim agus forbairt agus cúram sláinte. Is údar í den leabhar Perform As A Leader (Ballpoint Press, 2015).